**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Iascach*

**2022/2188(INI)**

29.6.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

maidir leis an tuarascáil cur chun feidhme maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir AE agus an Ríocht Aontaithe
(2022/2188(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): João Albuquerque

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## Moltaí

Iarrann an Coiste um Iascach ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar na coistí atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina dtairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go gceanglaítear leis an gComhbheartas Iascaigh[1] (CBI) ar an Aontas cuspóirí agus prionsabail an bheartais a chur chun cinn agus a áirithiú in aon ghníomhaíocht iascaireachta gan beann ar limistéar geografach chun cothrom iomaíochta a chur ar fáil do gheallsealbhóirí AE agus neamh-AE; de bhrí go gceanglaítear le CBI freisin ar an Aontas comhoibriú go hidirnáisiúnta ar bhonn an eolais eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, agus iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IUU) a chomhrac;

B. de bhrí go n-aithnítear le Ceannteideal a Cúig (Iascach) de Chuid a Dó den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe[2] (TCA) a thábhachtaí atá sé acmhainní bitheolaíocha agus éiceachórais na mara a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, chomh maith lena thábhachtaí atá sé go gcuirfí chun cinn gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe freagracha agus inbhuanaithe, dea-rialachas iascaigh agus ról na trádála chun na cuspóirí sin a bhaint amach;

C. de bhrí go raibh tionchar tromchúiseach ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ar chabhlach iascaigh AE, rud a d'fhág go raibh caillteanas cuóta, díchoimisiúnú soithí, agus cur isteach ar fhiontair thráchtála agus trádáil sheanbhunaithe;

D. de bhrí gur bunaíodh Cúlchiste Coigeartaithe Brexit[3] chun tacaíocht a sholáthar chun iarmhairtí díobhálacha a bhí ag Ballstáit, réigiúin agus earnálacha mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a chomhrac agus, ar an gcaoi sin, na tionchair dhiúltacha ghaolmhara ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a mhaolú; de bhrí go mbeidh drochthionchar mór eacnamaíoch ar iascairí AE ag aistriú na sciartha cuóta ó AE chuig an Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse mar a comhaontaíodh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair;

E. de bhrí go n-ullmhóidh an Coise Speisialaithe um Iascach straitéisí ilbhliantúla caomhnaithe agus bainistithe a bheidh mar bhonn chun gabhálacha iomlána incheadaithe agus bearta bainistithe eile a shocrú, lena n-áirítear le haghaidh stoic neamhchuóta, agus chun bailiú sonraí eolaíocha chun críocha bainistithe iascaigh a shainiú, agus chun na sonraí sin a chomhroinnt le comhlachtaí eolaíocha ionas gur féidir leo an chomhairle eolaíoch is fearr is féidir a sholáthar;

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).
[2] Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (IO L 149,30.4.2021, lch. 10.
[3] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

F. de bhrí go bhforáiltear sa Phrótacal maidir le rochtain ar uiscí, atá i gceangal leis an gComhaontú Trádála agus Comhair mar Iarscríbhinn 38, do ‘thréimhse choigeartúcháin’ ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2026 ina dtabharfaidh gach páirtí rochtain iomlán ar a chuid uiscí do shoithí an pháirtí eile chun bheith ag iascaireacht ar na speicis a liostaítear ann; de bhrí, tar éis an dáta sin, go mbeidh rochtain chómhalartach ar uiscí agus ar acmhainní iascaigh faoi réir caibidlíochtaí bliantúla idir AE agus an Ríocht Aontaithe; ag cur béim ar an ngá atá le soiléireacht maidir leis an tréimhse iar-idirthréimhse chun infheistíocht san earnáil a choinneáil;

G. de bhrí go bhfuil feidhm freisin ag forálacha TCA a bhaineann le fuinneamh go dtí an 30 Meitheamh 2026; de bhrí, áfach, go bhféadfaidh an Chomhairle Comhlachais síneadh a chur leo go dtí an 31 Márta 2027 agus go bliantúil ina dhiaidh sin;

H. de bhrí, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, go ndéantar laghdú 25% de réir a chéile ar sciar na ndeiseanna iascaireachta do chabhlach an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe faoi 2026, laghdú a mbeidh tionchar aige ar gach cuid de chabhlach an Aontais, lena n-áirítear an iascaireacht ar mionscála;

1. á chur i bhfios nach eol go fóill an tionchar iomlán a bheidh ag Brexit, go háirithe toisc go bhfuil cur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair i leith an iascaigh ar siúl i gcónaí agus nach gcríochnófar é go dtí tar éis dheireadh na hidirthréimhse an 30 Meitheamh 2026; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé TCA a chur chun feidhme go dílis, ag cur san áireamh go bhfuil saincheisteanna fós ag teacht chun cinn; ag aontú leis an tuarascáil cur chun feidhme ón gCoimisiún go bhfuil ‘dúshláin áirithe fós ann’, amhail cur chun feidhme na socruithe maidir le trádáil leictreachais agus cur chun feidhme iomlán agus ceart na bhforálacha maidir le hiascaigh;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh rochtain chómhalartach ann go fóill ar uiscí agus ar acmhainní iascaigh tar éis an 30 Meitheamh 2026 agus nach ndéanfar na cuótaí d’iascairí AE a laghdú tuilleadh; á iarraidh go ndéanfaí malartú cuótaí iascaireachta idir na páirtithe a chuíchóiriú agus nach gcuirfidís ualach ar an earnáil; ag tathant ar an gCoimisiún gach bealach caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe a choinneáil ar oscailt chun teacht ar réitigh sheasmhacha bhuana a rachaidh chun tairbhe don dá pháirtí, chun cúinsí seasmhacha agus intuartha a chur ar fáil d’iascairí agus d’earnáil na hiascaireachta ina hiomláine agus chun an tréimhse tar éis 2026 a chumhdach; á mheabhrú gur ann do thréimhsí bailíochta comhthráthacha fhorálacha TCA maidir le fuinneamh agus maidir le rochtain chómhalartach ar uiscí agus ar acmhainní iascaigh agus ag cur sonrú sa nasc intuigthe idir an dá réimse earnála sin sa Chomhaontú Trádála agus Comhair;

3. ag cur sonrú i staid uathúil na hÉireann mar gheall ar a theorainn le Tuaisceart Éireann, an comhaontú ‘voisinage’ le haghaidh rochtain chómhalartach ar an gcrios 0-6 mhuirmhíle agus a spleáchas stairiúil ar rochtain chómhalartach ar uiscí na Ríochta Aontaithe;

4. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an éiginnteacht a chruthaítear leis an gclásal athbhreithnithe (Airteagal 510) faoi Cheannteideal a Cúig (Iascach) de Chuid a Dó den Chomhaontú Trádála agus Comhair, a chuirfear i bhfeidhm ceithre bliana tar éis

dheireadh na tréimhse coigeartaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun caibidlíochta go pras, go diongbháilte agus go trédhearcach maidir le comhaontú ilbhliantúil tar éis 2030, agus cobhsaíocht, inmharthanacht eacnamaíoch agus intuarthacht don earnáil á háirithiú; á thabhairt chun suntais nach mór an comhaontú sin a nascadh leis an athbhreithniú foriomlán ar an gComhaontú Trádála agus Comhair agus nach féidir caillteanais bhreise a cheadú i gcuótaí comhroinnte don Aontas á chur i bhfáth, ina leith sin, a thábhachtaí atá sé gach gné de TCA a choinneáil idirnasctha, go háirithe rochtain ar an margadh aonair don Ríocht Aontaithe a nascadh le forálacha iascaigh TCA;

5. á athdhearbhú nach mór rochtain chómhalartach leanúnach ar uiscí agus ar acmhainní iascaigh a mheas mar phríomhchuid den chaidreamh idir AE agus an Ríocht Aontaithe agus, dá bhrí sin, nach mór déileáil léi i gcomhar leis na saincheisteanna iomadúla a bhaineann le trádáil agus rochtain ar an margadh aonair; á mheabhrú don Choimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú, amhail ó 2026, go gcuirfear TCA i bhfeidhm ar bhealach cobhsaí agus inbhuanaithe tar éis na hidirthréimhse;

6. á mheabhrú, dá gcinnfeadh an Ríocht Aontaithe rochtain shoithí iascaireachta AE ar uiscí na Breataine a theorannú ag deireadh na tréimhse coigeartaithe, go mbeadh AE in ann bearta a dhéanamh chun a leasanna a chosaint; á mheabhrú, i gcomhréir le TCA é féin, go n-áirítear leis na bearta sin taraifí nó cuótaí ar allmhairí éisc na Ríochta Aontaithe a athbhunú agus codanna eile de TCA a chur ar fionraí i gcás ina mbeadh baol ann go mbeadh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta ann do phobail iascaireachta AE; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur cheart do AE breithniú a dhéanamh ar chodanna sonracha eile de TCA a nascadh, amhail rochtain na Ríochta Aontaithe ar mhargadh leictreachais na hEorpa, chomh maith le hearnálacha ábhartha eile faoi TCA, le rochtain AE ar uiscí agus ar acmhainní iascaigh na Breataine;

7. á chur i bhfáth, chun a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú Trádála agus Comhair chun feidhme go hiomlán, gur cheart gach ionstraim dlí ábhartha a úsáid agus leas a bhaint as, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le rochtain ar an margadh, chomh maith le gach beart frithchúitimh agus freagartha agus sásra um réiteach díospóidí dá bhforáiltear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún cabhrú leis na Ballstáit agus úsáid á baint as na cistí faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit níos sciobtha agus go hiomlán agus chun an earnáil agus na pobail chósta atá buailte a chur chun cinn agus tacú leo agus chun cúiteamh a dhéanamh ar na caillteanais a bhain do na cabhlaigh uile, lena n-áirítear cabhlaigh ar mionscála; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit á úsáid chun cabhrú leis na hearnálacha mórdhíola agus próiseála, a ndearna an ghéarchéim seo difear mór dóibh;

9. á iarraidh ar an Ríocht Aontaithe staonadh ó aon bhearta teicniúla aontaobhacha idirdhealaitheacha a ghlacadh; á athdhearbhú go bhforáiltear le TCA gur cheart bearta teicniúla a bheith comhréireach, gur cheart iad a bheith bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr, gur cheart feidhm chomhionann a bheith acu maidir le soithí ón dá pháirtí agus nach mór fógra a thabhairt ina leith roimh ré; á chur i bhfáth go bhfuil ról ag an gCoiste Speisialaithe um Iascach ó thaobh cur chuige coiteann a lorg maidir le bearta teicniúla agus ó thaobh plé a dhéanamh ar aon bhearta nach mór do pháirtí

amháin fógra a thabhairt ina dtaobh don pháirtí eile; á mheabhrú go gcuireann an Comhaontú Trádála agus Comhair d'oibleagáid ar gach páirtí údar cuí beacht a thabhairt le cineál neamh-idirdhealaitheach aon bhirt sa réimse sin agus ag meabhrú an ghá atá ann inbhuanaitheacht fhadtéarmach chomhshaoil a áirithiú, ar bhonn sonraí atá infhíoraithe go heolaíoch; á athdhearbhú go bhfuil sé thar a bheith inmhianaithe go gcloífidh an Ríocht Aontaithe chomh dlúth agus is féidir le rialacha AE; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh níos mó comhordaithe le AE maidir leis sin agus gur cheart go mbeadh nósanna imeachta cuí ann maidir le fógra a thabhairt agus maidir le rannpháirtíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith an-airdeallach i dtaobh gcloífear leis na coinníollacha sin agus freagairt láidir a thabhairt má ghníomhaíonn an Ríocht Aontaithe ar bhealach idirdhealaitheach;

10. á thabhairt chun suntais, go háirithe, nach mór ainmniú na limistéar muirí faoi chosaint a bheith neamh-idirdhealaitheach, bunaithe ar eolaíocht agus comhréireach; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart limistéir mhuirí faoi chosaint a bhunú le cuspóirí caomhnaithe dea-shainithe agus nár cheart iad a úsáid mar uirlis chun srian a chur le rochtain ón gcoigríoch ar uiscí; á chur in iúl gur oth léi, i ndáil leis sin, an cur chuige aontaobhach atá glactha ag an Ríocht Aontaithe i ndáil le limistéir a ainmniú ina bhfuil srianta ar iascaigh timpeall ar an mBanc Dogger agus go bhfuil sé beartaithe ag an Ríocht Aontaithe na limistéir sin a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile;

11. ag cur i gcoinne na gcinntí uile a rinneadh go haontaobhach lena mbunaítear deiseanna iascaireachta a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta nó a théann i gcoinne na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil agus, dá bhrí sin, amhras a tharraingt ar inchreidteacht chomhaontuithe idirnáisiúnta agus an bonn a bhaint ó shaothrú inbhuanaithe acmhainní comhroinnte; ag tathant ar an gCoimisiún aon bhearta riachtanacha agus comhréireacha a dhéanamh chun díospóidí leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta lena mbaineann a réiteach agus chun comhlíonadh na n-oibleagáidí idirnáisiúnta a áirithiú;

12. á mheabhrú gur athraigh Brexit an caidreamh idir tíortha san Atlantach Thuaidh; á chreidiúint nár cheart Brexit a úsáid chun dáileadh na gcuótaí i gComhaontuithe an Tuaiscirt a chúbláil; á áitiú gur cheart dáileadh stairiúil na ndeiseanna iascaireachta, a shocraítear i gcónaí ar na sonraí eolaíocha is fearr atá ar fáil agus ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, a urramú; á iarraidh ar an gCoimisiún socruithe bainistithe iascaireachta cobhsaí agus fadtéarmacha a aimsiú lena gcomhghleacaithe san Atlantach Thoir Thuaidh;

13. á chur in iúl gur cúis bhuartha di ceadúnú shoithí AE; ag tabhairt dá haire go raibh soithí faoi bhun 12 mhéadar ar na soithí is mó a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca moilleanna ar cheadúnais iascaireachta a dheonú nó ceadúnais laghdaithe, toisc nach raibh córais faireacháin soithí feistithe ar a lán acu le linn na tréimhse tagartha ar fad; á chur in iúl gur oth léi nár chuir TCA san áireamh na rialacha atá i bhfeidhm maidir le córais faireacháin soithí faoi rialacháin AE a chuir ceangal freisin ar an Ríocht Aontaithe roimh Brexit; ag tathant ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí teacht ar chomhaontú maidir leis na saincheisteanna gan réiteach maidir le ceadúnú, lena n-áirítear an leibhéal rochtana do shoithí iascaireachta ceadúnaithe in uiscí na Ríochta Aontaithe agus Spleách-Chríocha na Corónach, agus córas ceadúnúcháin amach anseo a oibríonn i gcleachtas a fhorbairt i gcomhpháirt leis an Ríocht Aontaithe;

14. ag tabhairt dá haire go bhfuil tionchar mór ag na saincheisteanna maidir le ceadúnú shoithí AE ar iascairí ar mionscála, go háirithe iad siúd ó thuaisceart na Fraince agus ón Normainn, ós rud é nach bhfuil na soithí sin in ann a limistéir iascaireachta a athrú;

15. ag tathant ar na páirtithe sa Chomhaontú Trádála agus Comhair a n-iarrachtaí a neartú chun iascaireacht inbhuanaithe agus dea-rialachas iascaigh a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, trí bhunú eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh a chur chun cinn; ag tathant ar an gCoimisiún, go háirithe, comhoibriú le húdaráis na Breataine agus leis na páirtithe eile lena mbaineann maidir le heagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh a bhunú san Atlantach Theas;

16. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an tionchar atá ag díláithriú na hiarrachta iascaireachta tar éis chur chun feidhme TCA, go háirithe i Muir nIocht; á iarraidh ar an gCoimisiún plean bainistithe réigiúnach a mholadh do Mhuir nIocht agus don Mhuir Thuaidh chun an tionchar sin a mhaolú agus chun ró-iascaireacht a sheachaint;

17. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle a áirithiú go n-urramófar sainchearta na n-institiúidí éagsúla leis na cinntí ar fad a dhéanfar faoin gComhaontú Trádála agus Comhair agus go mbeidh siad i gcomhréir leis an bpróiseas reachtach iomchuí, go háirithe le cinntí a bhaineann le bearta teicniúla;

18. á chur in iúl gur geal léi gur comhaltaí iad AE agus an Ríocht Aontaithe araon de Chomhghuaillíocht Gníomhaíochta Iascaireachta NNN, a bunaíodh i mí an Mheithimh 2022 chun uaillmhian agus gníomhaíocht a chothú sa chomhrac i gcoinne iascaireacht NNN ar an leibhéal idirnáisiúnta;

19. á mheabhrú go gceadaíonn an Comhaontú Trádála agus Comhair dá pháirtithe dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh ionadaithe na hearnála iascaigh, na n-údarás réigiúnach, na bpobal cósta agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach go gníomhach san fhaireachán ar an gComhaontú Trádála agus Comhair agus ina chur chun feidhme; ag tathant ar an gCoimisiún, chun na críche sin, bunú grúpa chomhairligh inmheánaigh maidir leis an iascach a chur chun cinn, gan dochar do na comhairlí comhairleacha atá ann cheana;

20. á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún glacadh lena ról mar ionadaí AE agus é ag déileáil le tíortha nach bhfuil san Aontas, ionas gur féidir leis samhlacha bainistithe rannpháirtíochta feabhsaithe agus comhbhainistíocht a mholadh i gcásanna trasteorann le tíortha nach bhfuil san Aontas;

21. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá a áirithiú go mbeidh obair an Choiste Speisialaithe um Iascach trédhearcach agus go ndéanfar an Pharlaimint a nuashonrú go rialta faoin obair sin agus faoi na cinntí a dhéantar; á éileamh, mar a d'iarr an Pharlaimint seo roimhe seo[4], go n-iarrfaí ar ionadaithe teicniúla ó Choiste um Iascach Pharlaimint na hEorpa páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Choiste Speisialaithe um Iascach mar bhreathnóirí.

---

[4] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Aibreán 2022 ar a bhfuil i ndán don iascach i Muir nIocht, sa Mhuir Thuaidh, i Muir Éireann agus san Aigéan Atlantach i bhfianaise tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO C 434, 15.11.2022, lch. 2)

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Riail 58 – An nós imeachta comhchoiste**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | <br>15.12.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 27.6.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 25<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, João Albuquerque, Izaskun Bilbao Barandica, Isabel Carvalhais, Maria da Graça Carvalho, Asger Christensen, Rosanna Conte, Francisco Guerreiro, Niclas Herbst, France Jamet, Pierre Karleskind, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, João Pimenta Lopes, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Annie Schreijer-Pierik, Marc Tarabella, Peter van Dalen, Theodoros Zagorakis |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Luke Ming Flanagan, Ska Keller, Gabriel Mato, Grace O'Sullivan, Nikos Papandreou, Raffaele Stancanelli, Annalisa Tardino |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Fabienne Keller |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 25 | + |
|---|---|
| ECR | Bert-Jan Ruissen, Raffaele Stancanelli |
| ID | Rosanna Conte, France Jamet |
| NI | Marc Tarabella |
| PPE | Maria da Graça Carvalho, Peter van Dalen, Niclas Herbst, Gabriel Mato, Francisco José Millán Mon, Annie Schreijer-Pierik, Theodoros Zagorakis |
| Renew | Izaskun Bilbao Barandica, Asger Christensen, Pierre Karleskind, Fabienne Keller |
| S&D | Clara Aguilera, João Albuquerque, Isabel Carvalhais, Predrag Fred Matić, Nikos Papandreou |
| Verts/ALE | Francisco Guerreiro, Ska Keller, Grace O'Sullivan, Caroline Roose |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| The Left | João Pimenta Lopes |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh